## Comórtas Grianghraif-Cárta Poist Bithéagsúlachta

Ba mhaith linn aibhsiú a dhéanamh ar an dúlra iontach atá le fáil i gContae na Gaillimhe agus tá do chúnamh uainn. Faigh do cheamara agus tóg grianghraf, ba mhaith linn bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe a feiceáil trí do chuid súl!



Beidh taispeántas de na grianghraif ar siúl i Leabharlann na Gaillimhe le linn na Seachtaine Oidhreachta (28ú Lún go 3ú M.F.) agus bainfear úsáid as grianghraif na mbuaiteoirí chun sraith de chártaí poist a léiríonn bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe a fhoilsiú.

Lig do chuid samhlaíochta le sruth; ó thírdhreach go muirdhreach, faoi uisce nó faoin talamh, sléibhte go haibhneacha agus aon rud idir eatarthu. Cuir chugainn grianghraf den phlanda nó ainmhí is ansa leat i gContae na Gaillimhe. Is cuma an maith leat cloigíní gorma nó feileacáin, caisearbhán nó ciaróg, séard atá uainn nó do chúnamh chun éagsúlacht shaol Chontae na Gaillimhe a léiriú!

Tá méid áirithe de cheamaraí digiteacha ag Togra 'Daoine agus Dúlra' agus is féidir ceann a fháil ar iasacht mura bhfuil do cheamara féin agat. Déan teagmháil leis an mbainisteoir togra.

Ba cheart grianghraif a bheith ar chairtchlár más féidir agus níor cheart dóibh a bheith níos mó ná méid A3 (29.7 x 42cm). Ba cheart iarratais a sheoladh chuig Bainisteoir Togra 'Daoine agus Dúlra' le sonraí an ghrianghraif agus an ghrianghrafadóra. Déanfar moltóireacht ar na hiarratais i dtrí rang: Gairmiúil, Amaitéarach agus daoine óga (faoi 14). Uasmhéid de dhá ghrianghraf le gach iarratas.
18ú Lúnasa an dáta deiridh.

***Cuir in iúl dúinn, le do thoil, má tá smaoineamh agat le haghaidh imeacht nó togra dúlra áitiúil agus beidh muid thar a bheith sásta aon chúnamh is féidir linn a thabhairt duit.***

## Traenáil agus Oideachas

Feasacht agus tuiscint níos fearr i measc gach duine atá i mbun oibre nó gníomhaíochtaí bainteach leis an mbithéagsúlacht áitiúil atá mar phríomhaidhm an togra 'Daoine agus Dúlra'.

Beidh seisiúin thraenála agus eolais á reachtáil ag an togra ar fud Chontae na Gaillimhe le linn na bliana. Beidh an clár traenála agus oideachais dírithe ach go háirithe ar fhoireann na Comhairle, oibrithe FÁS agus RSS chomh maith le grúpaí áitiúla oidhreachta agus pobail agus iarrthóirí don Mhíle Órga agus na Bailte Slachtmhara.

Déan teagmháil linn ag an seoladh thíos má tá tuilleadh eolais nó comhairle uait maidir le haon rud bainteach leis an dúlra i gContae na Gaillimhe. Beidh an-áthas orainn aon chúnamh is féidir linn a thabhairt duit.

## Teagmháil

Déan teagmháil leis an mbainisteoir togra má tá aon cheist agat faoi aon chuid den Togra 'Daoine agus Dúlra':

Elaine O'Riordan
Aonad na hÉiceolaíochta Feidhmí, Ionad Eolaíocht na Timpeallachtá, ONÉ, Gaillimh
Fón: 091 493863
Rphost: galwaybap@hotmail.com

## Urraitheoirí

Is iad ár n-urraitheoirí flaithiúla a chumasaíonn an Togra 'Daoine agus Dúlra'. Tá buíochas ó chroí ag dul dóibh.

EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS

Swift Print & Design 1890 500 507

# Daoine agus Dúlra

## Togra Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe

IMEACHTAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

2006

## Céard í an Bhithéagsúlacht?

Níl i gceist leis an mbithéagsúlacht ach an réimse de gach rud beo ar an talamh agus na bealaí éagsúla a mhaireann gach rud beo agus a dhéanann siad idirghníomhaíocht le chéile agus leis an domhan mórthimpeall orthu.



San áireamh leis an mbithéagsúlacht tá gach cineál planda, ainmhí agus micrea-orgánach chomh maith leis na gnáthóga agus éice-chórais dhifriúla.

Tá an Bhithéagsúlacht riachtanach don saol mar go mbraitheann muid ar thimpeallacht shláintiúil chun na hacmhainní nádúrtha atá riachtanach dúinn, mar shampla, bia, uisce, breosla agus leigheas a sholáthar.

## 'Daoine agus Dúlra'

'Daoine agus Dúlra' – Togra Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe Is gníomhaíocht de chuid Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004 – 2008 le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ONÉ, Gaillimh, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus ón gComhairle Oidhreachta, atá sa Togra 'Daoine agus Dúlra'. Feasacht agus tuiscint níos fearr ar ghnáthóga agus speiceas Chontae na Gaillimhe tríd oideachas agus traenáil bithéagsúlachta chomh maith le bailiú eolais agus cur chun cinn taighde atá mar aidhm leis an togra.

## Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí



Beidh imeachtaí éagsúla á reachtáil ag 'Daoine agus Dúlra' le linn na bliana. Déanfar fógraíocht ar na himeachtaí go léir sa phreas áitiúil, bígí ag faire amach dóibh! Tá tuilleadh eolais ar fáil ón mbainisteoir togra (sonraí sa leathanach thall). Tá na gníomhaíochtaí go léir saor in aisce agus oscailte do chách.

### 10ú Meitheamh
### Lá Domhanda na Mara –
***Dumhaigh/Machaire – Cloch na Rón***

Beidh Melinda Swann agus baill de choiste athstórála na trá i mbun siúlóide chun tréithe speisialta dhumhaigh agus machairí Chuan na gCon agus an Ghoirtín a léiriú. Teacht le chéile san charrchlós ar 4i.n.

### 13ú, 20ú, 27ú Meitheamh 8-10i.n.
### Cúrsa Garraíodóireachta Orgánaí

Orchard Centre Ghort Inse Guaire. An cúrsa le bheith ar siúl ar feadh trí Mháirt le Jim Cronin. Déan teagmháil leis an mbainisteoir togra chun áit a chur in áirthe.

### 1ú Iúil – Cúrsa maidir le Siúlóidí Dúlra a threorú
***Droichead a'Chláirín.***

Cuirfidh an cúrsa lae seo na scileanna agus an t-eolas riachtanach, chun oidhreacht do dhúlra áitiúil a léiriú, ar fáil duit má tá spéis agat siúlóidí a threorú nó a eagrú i do cheantar. Déan teagmháil leis an mbainisteoir togra chun áit a chur in áirithe.



### 25ú Iúil – Ceiliúradh Lá idirnáisiúnta na bPortach

Siúlóid phortaigh le treoraí ag Clochar na gCon/Anaclann Dúlra Phortach Bhéal an Chuain in aice le hIndreabhán le hAonghus Ó Dónaill, Maoirseoir Fiadhúlra, an tSeirbhís um Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Teacht le chéile ag Clochar na gCon ar 2i.n.

### 29ú Iúil Míolta Móra agus Deilfeanna

Caint léirithe faoi mhíolta móra agus deilfeanna Chósta Chontae na Gailllimhe agus seans cleachtadh a dhéanamh ar fhaire mhíl mhóir agus deilfe ar chósta an Spidéil le Simon Berrow agus Joanne O'Brien. Déan teagmháil leis an mbainisteoir togra chun áit a chur in áirithe.

### 26ú Lún - 3ú M.F.
### Seachtain Oidhreachta

Taispeántas Grianghraif i Leabharlann Chontae na Gaillimhe le grianghraif ón gcomórtas grianghraf bithéagsúlachta. Tosnú Dé Luain 28ú M.F.

### 27ú Lún – Lá Bithéagsúlachta clainne *i bPáirc Náisiúnta Chonnamara 2i.n.*



Lá clainne i bPáirc Náisiúnta Chonnamara chun ceiliúradh a dhéanamh ar an tseachtain oidhreachta. Seó Puipéid Bithéagsúlachta, siúlóidí le treoraí agus go leor le feiceáil agus déanamh do gach aoisghrúpa.

### 1ú D.F.
### Ceiliúradh Coille an Fhómhair 2i.n.

Lá clainne i bPáirc Fhoraoise álainn Phort Omna agus Caisleán agus Gairdíní Phort Omna. Siúlóidí dúlra le treoraí, cainteanna agus gníomhaíochtaí do pháistí.

### 2ú – 8ú D.F.
### Seachtain Náisiúnta Athchúrsála

Taispeántais Mhúirínithe, ceardlanna le Jim Cronin. Sonraí le deimhniú.

### Faire Sciathháin Leathair

Tá muid ag súil grúpaí áitiúla sciatháin leathair a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar shaol an sciatháin leathair ar fud an chontae. Níl aon ghá le heolas ar leith mar go gcuirfear traenáil agus trealamh ar fáil. Déan teagmháil leis an mbainisteoir togra (sonraí thall) más mian leat a bheith rannpháirteach chun suirbhé áitiúil sciatháin leathair a bhunú i do cheantar.

